EIGE
European Institute for Gender Equality

An staid reatha um chiorrú ball giniúna ban in ÉIRINN

CREAT DLÍTHIÚIL

Coinbhinsiúin Idirnáisiúnta agus Eorpacha

Dhaingnigh Éire coinbhinsiúin idirnáisiúnta éagsúla a cháineann FGM, lena n-áirítear Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine (DUCD), an Coinbhinsiún maidir le gach cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú (CEDAW), an Coinbhinsiún in aghaidh Céastóireachta agus Pionóis eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach (CAT), an Coinbhinsiún um Chearta an Linbh (CRC), an Coinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint (ECHR), agus Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (2010/C 83/02). Ghlac Éire le téarmaí Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Foréigean in aghaidh na mBan agus Foréigean Baile a Chosc agus a Chomhrac (CETS Uimh. 210).

Dlí Coiriúil

Ó Aibreán 2012 i leith, tá dlí sonrach coiriúil a bhaineann le FGM ann, is é sin an tAcht um Cheartas Coiriúil (Ciorrú Ball Giniúna Baineann), 2012. Deir sé nach dtabharfaidh tagairt do chúiseanna gnácha nó deasghnácha le FGM, ná toiliú an chailín, cosaint don duine cúisithe. Is iad na pionóis faoin Acht ná suas go dtí 14 bliana i bpríosún agus/nó fíneáil de EUR 10,000. Tá prionsabal an allchríochachais infheidhme, lena bhfuil FGM inphionóis fiú más lasmuigh den tír a dhéantar é. Tá rannpháirteachas, comhairliú agus soláthar chun críocha FGM ina gcionta dá bhforáiltear i ndlí coiriúil ginearálta na hÉireann.

Dlí um chosaint leanaí

Seachas an tAcht um Cheartas Coiriúil (Ciorrú Ball Giniúna Baineann) a chuireadh i bhfeidhm le déanaí, d'fhéadfaí forálacha ginearálta cosanta linbh a chur i bhfeidhm chomh maith i gcásanna ina gcúisítear daoine as FGM. Is é atá i gceist go príomha leis an Acht um Chúram Leanaí (arna leasú i 1991) ná ligean d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) leanaí a aistriú i gcásanna mí-úsáide nó drochíde.
Sa Bhille um Thús Áite do Leanaí, 2012 (Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí) tá sé i gceist cosaint leanaí a chur ar bhonn dlíthiúil.

Dlí maidir le tearmann

Is féidir le héilimh ar thearmann FGM teacht faoi Acht na nDídeanaithe 1996, arna leasú, toisc go bhfolaíonn sé "bainteach leis an ngnéas baineann nó leis an ngnéas fireann" ina léirmhíniú ar "ghrúpa sóisialta ar leith". Beartaítear ann treoirlínte inscne intíre a thabhairt isteach sa Bhille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint, 2012 chun foráil do phróisis bhreise tearmainn agus cosanta níos inscnechothroime agus níos inscne-íogaire in Éirinn.

Eolas faoin staidéar

Chun cuidiú le bearnaí a aithint agus a líonadh maidir le bailiú sonraí, agus chun tacú le forbairt straitéisí um chiorrú ball giniúna ban (FGM) a chomhrac, choimisiúnaigh an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne an "Staidéar chun staid reatha agus treochtaí reatha maidir le ciorrú ball giniúna ban i 27 Ballstát an AE agus sa Chróit a mhapáil". Seoladh an staidéar arna iarraidh sin do Viviane Reding, Leasuachtarán an Choimisiúin Eorpaigh. An tIonad Idirnáisiúnta um Shláinte Atáirgthe (ICRH) de chuid Ollscoil Ghent agus Yellow Window Management Consultants (rannán de E.A.D.C.) a bhí i mbun an staidéir.

Leis an taighde deisce i 27 mBallstát an AE agus sa Chróit agus leis an ngrinntaighde i naoi mBallstát AE bailíodh le chéile den chéad uair faisnéis agus sonraí, creat dlí agus beartais, gníomhaithe, uirlisí agus modhanna i réimse an FGM san AE. Rinneadh na cineálacha éagsúla cur chuige náisiúnta maidir le dul i ngleic le FGM san AE a anailísiú agus a chur i gcomparáid chun cleachtais acmhainneacha a aithint maidir le cosc, cosaint, ionchúiseamh, soláthar seirbhísí, comhpháirtíocht agus leitheadúlacht.

Tá tuilleadh eolais agus tagairtí faoin staidéar ar fáil ag: www.eige.europa.eu

TÁSCAIRE / TÍR	Staidéir ar leitheadúlacht FGM	Tearmann arna dheonú ar fhorais FGM	Foráil dlí coiriúil ar leith i ngeall ar FGM	Plean gníomhaíochta náisiúnta a chlúdaíonn FGM	Idirghabhálacha a bhaineann le FGM um chosaint leanaí	Taifid ospidéil/leighis faoi FGM
AN BHEILG	✓	✓	✓	✓		✓
AN BHULGÁIR						
POBLACHT NA SEICE						
AN DANMHAIRG			✓	✓	✓	
AN GHEARMÁIN	✓	✓		✓	✓	
AN EASTÓIN						
ÉIRE	✓	✓	✓	✓		✓
AN GHRÉIG				✓		
AN SPÁINN			✓	✓	✓	
AN FHRAINC	✓	✓		✓	✓	✓
AN CHRÓIT			✓	✓		
AN UNGÁIR	✓	✓				
AN IODÁIL	✓	✓	✓	✓	✓	
AN CHIPIR			✓			
AN LAITVIA		✓				
AN LIOTUÁIN		✓				
LUCSAMBURG						
MÁLTA						
AN ÍSILTÍR	✓	✓		✓	✓	✓
AN OSTAIR		✓	✓	✓		
AN PHOLAINN						
AN PHORTAINGÉIL				✓		✓
AN RÓMÁIN		✓				
AN tSLÓIVÉIN						
AN tSLÓVAIC		✓				
AN FHIONLAINN				✓	✓	
AN tSUALAINN		✓	✓	✓	✓	✓
AN RÍOCHT AONTAITHE	✓	✓	✓	✓	✓	✓

Cad is ciorrú ball giniúna ban ann?

- Cineál foréigin ar bhonn inscne is ea ciorrú ball giniúna ban (FGM), ar a dtugtar gearradh ball giniúna ban fosta. Clúdaíonn sé gach nós imeachta a bhaineann le baill ghiniúna sheachtracha ban a bhaint go páirteach nó go hiomlán nó díobháil eile a dhéanamh do bhaill ghiniúna ban chun críocha neamhliachta.

- Bíonn iarmhairtí diúltacha ag ciorrú ball giniúna ban ar shláinte ban sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma, fiú an bás féin. Déantar é ar chúiseanna cultúrtha agus sóisialta. Tá an claonadh ann argóintí reiligiúnacha a úsáid mar údar leis an gcleachtas ach níl aon sainordú reiligiúnach ann lena aghaidh.

- Dar le UNICEF, cleachtar FGM i níos mó ná 20 tír san Afraic ón tSeineagáil san iarthar go dtí an tSomáil san oirthear.

- Cé gur deacair na líonta foriomlána a mheas, d'fhéadfadh gur fhulaing na mílte ban agus cailíní a chónaíonn san Aontas Eorpach ciorrú ball giniúna ban nó go bhfuil siad i mbaol FGM.

- Tá institiúidí an AE agus na Ballstáit tiomanta do FGM a chomhrac, mar atá léirithe i "Straitéis um chomhionannas idir mná agus fir (2010-2015)" de chuid an Choimisiúin. Bhí ról ríthábhachtach ag an gclár Daphne III maidir le FGM a chur ar an gclár oibre i roinnt de thíortha an AE agus maidir le tacaíocht airgeadais a sholáthar do chur i bhfeidhm tionscadal trasnáisiúnta sa réimse seo.

- Leagtar síos go soiléir i rún ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Meitheamh 2012 ar chríoch a chur le ciorrú ball giniúna ban "gurb é atá i gceist le ciorrú ball giniúna ban de chineál ar bith ná cleachtas dochrach traidisiúnta nach féidir a mheas gur cuid de reiligiún é, ach gur gníomh foréigneach é in aghaidh ban agus cailíní, arb ionann é agus sárú ar a gcearta bunúsacha". Iarrann Parlaimint na hEorpa ar na Ballstáit gníomhú go dian chun dul i ngleic leis an gcleachtas mídhleathach seo.

Dlí na rúndachta gairmiúla

Is féidir an dlí ginearálta maidir le rúndacht ghairmiúil agus nochtadh a chur i bhfeidhm chun tuairisciú ar FGM a rinneadh nó atá beartaithe. Cuirfidh an Bille um Thús Áite do Leanaí reatha dualgas sainithe soiléir reachtúil orthu siúd a oibríonn le leanaí tuairisciú agus gníomhú i gcás amhrais nuair a d'fhéadfadh sábháilteacht nó leas linbh a bheith i mbaol. Déantar cion coiriúil de sa Bhille faisnéis a choimeád siar i ndáil le cionta sonraithe tromchúiseacha a dhéantar i gcoinne linbh nó duine leochailigh lena n-áirítear cionta gnéis agus cionta ar nós ionsaí is cúis le díobháil, fuadach, dúnorgain nó dúnmharú. Is é an pionós íosta maidir leis na cionta seo ná cúig bliana príosúnachta ar a laghad.

CREAT POLASAÍ

Is í Éire cheann amháin de ocht dtír ar fad as an AE 27 agus an Chróit a bhfuil Plean Gníomhaíochta Náisiúnta (NAP) acu chun déileáil go sonrach le FMG. Forbraíodh "Plean Náisiúnta Gníomhaíochta na hÉireann chun Déileáil le Ciorrú Ball Giniúna Ban 2008-2011" laistigh de chreat thionscadal Daphne (Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta a Fhorbairt um Chiorrú Ball Giniúna Ban a Chosc a Dhíothú).

Bhí Coiste Stiúrtha Náisiúnta an NAP comhdhéanta de mheascán d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus de ghníomhaireachtaí rialtais ó earnálacha éagsúla. Toisc go raibh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Comhairle Shláinte na mBan agus Cúnamh Éireann rannpháirteach, cinntíodh go raibh seans maith ag an gCoiste Stiúrtha tosaigh tionchar a imirt ar pholasaithe reachtúla sa todhchaí agus moltaí a dhéanamh do ranna rialtais. Níor ghlac roinn ná gníomhaireacht rialtais riamh an NAP agus, dá bhrí sin, níor leithdháileadh aon chistiú chun an plean gníomhaíochta náisiúnta uile a fheidhmiú. Tagraítear do FGM sa *National Intercultural Strategy 2007-2012* [Straitéis Idirchultúrtha Náisiúnta 2007-2012] arna eisiúint ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus sa *Policy on Domestic, Sexual and Gender Based Violence* (2010) [Polasaí um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscne (2010)] ón FSS. Déantar tagairt soiléir ar FGM i "Lámhleabhar um Chosaint Leanaí agus um Chleachtais Leasa" (2011) ón FSS mar ábhar imní maidir le cosaint leanaí. Mar chuid den "Polasaí an Gharda Síochána ar Imscrúdú ar Choireacht Ghnéis, Coireanna in aghaidh Leanaí, Leas Leanaí" (2010) áirítear FGM mar cheist chosanta leanaí chomh maith. In "Polasaí um Fhoréigean Baile" (2007), arna eisiúint ag na Póilíní Náisiúnta (An Garda Síochána), sainmhínítear an creat d'obair phóilíneachta i ndáil le foréigean baile lena n-áirítear FGM.

LEITHEADÚLACHT FGM IN ÉIRINN

Rinneadh dhá staidéar ar leitheadúlacht FGM in Éirinn. Foilsíodh an chéad staidéar in 2008, agus an dara ceann ina dhiaidh sin i 2010. Tá an tríú ceann le teacht i 2012. Cuireann an staidéar Éireannach ó 2010 sonraí leis, chun líon na mban le FGM a ríomh, ar sonraí iad ó Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe maidir le mná ó thíortha ina gcleachtar FGM ag lorg tearmainn in Éirinn (tréimhse 2006-2010), chomh maith leis an daonra baineann imirceach ó thíortha ina gcleachtar FGM i nDaonáireamh na bliana 2006. Dar leis an meastachán is déanaí, d'fhéadfadh go ndeachaigh 3,170 bean a bhfuil cónaí orthu in Éirinn faoi FGM, ach in Aibreán 2006 measadh gur sheas an uimhir ag 2,585. Níl sonraí do chailíní mionaoiseacha ar fáil. I 2012, tosaíodh ar an Taifead Náisiúnta um Chúram Sláinte Máithreachais a úsáid i ngach ospidéal máithreachais in Éirinn. Tá rannán ann ar FGM atá liostaithe faoi "Fachtóirí Riosca" agus a ceapadh chun sonraí a sholáthar sa todhchaí ar mhná torracha a d'fhulaing FGM. Cuirfidh an tAitheantóir Eitneach nua-fhorbartha ón FSS sonraí breise ar fáil faoi eitneachas othair. Tá gá fós le huirlis bailithe sonraí náisiúnta chun cailíní atá i mbaol FGM agus leanaí baineanna a saolaíodh do mhná a d'fhulaing FGM a aithint.

Fíricí

- Tá staidéar leitheadúlacht nua le teacht i 2012. Baileofar sonraí tríd an Taifead Náisiúnta um Chúram Sláinte Máithreachais, a sholáthróidh sonraí faoi mhná torracha a d'fhulaing FGM.
- Ó tugadh isteach an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta tá méadú tagtha ar an líon polasaithe agus straitéisí a thagraíonn do cheist an FGM nó a thugann aghaidh uirthi go díreach. Bhain tábhacht leis an "bPlean Náisiúnta Gníomhaíochta chun Aghaidh a Thabhairt ar FGM 2008-2011" maidir leis an tsaincheist a chur ar an gclár oibre.
- D'fhéadfadh an nós imeachta maidir le tearmann a dheonú ar bhonn FGM a bheith fadálach agus go mbeadh céimeanna iomadúla achomhairc i gceist.
- Áirítear FGM in *Practice Standards for Midwives* [Caighdeáin Chleachtais do Chnáimhseacha] (2010) le déanaí agus in *Recent Rape-Sexual Assault National Guidelines on Referral and Clinical Examination in Ireland* [Éigniú/Ionsaí Gnéis le Déanaí: Treoirlínte Náisiúnta maidir le hAtreorú agus Scrúdú Cliniciúil in Éirinn] (2010) araon.
- Tá líon suntasach de ghníomhaithe, ar eagraíochtaí de chuid na sochaí sibhialta iad den chuid is mó (lena n-áirítear cumainn ghairmiúla ón earnáil leighis), ag déileáil go gníomhach le FGM ina gcuid oibre. Tugann an Coiste Stiúrtha Náisiúnta do Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann um Aghaidh a Thabhairt ar FGM gníomhaithe le chéile ina gcuid oibre in aghaidh FGM. Is é brainse na hÉireann de Amnesty International treoirfhórsa an Fheachtais Eorpaigh chun Deireadh a Chur le FGM atá á reáchtáil i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí neamhrialtasacha (http://www.endfgm.eu/en/).

Uimhreacha

- I 2011, measadh gurbh é 3,170 líon iomlán na mban a d'fhulaing FGM.
- Tá iarratais ar thearmann ar bhonn FGM curtha isteach agus tearmann deonaithe, ach ní fios an líon iomlán go fóill.

Maidir leis an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE)

Is í an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne ionad eolais an AE ar chomhionannas inscne.

Tacaíonn EIGE le lucht déanta beartas agus le gach institiúid ábhartha ina gcuid iarrachtaí maidir le comhionannas idir mná agus fir a thabhairt i gcrích le haghaidh na nEorpach uile agus daoine i gcríocha eile, trí shaineolas sonrach agus faisnéis inchomparáide iontaofa maidir le comhionannas inscne san Eoraip a sholáthar dóibh.

Tuilleadh eolais: www.eige.europa.eu

Ní féidir leis an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne ná le duine ar bith a ghníomhaíonn ar a son a bheith freagrach as an úsáid a bhaintear as an eolas atá san fhoilseachán seo.

www.eige.europa.eu

ISBN 978-92-9218-117-8
doi:10.2839/22994

Oifig na bhFoilseachán

MH-31-12-937-GA-C